2025/2519

16.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2519 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le cluichí boird boltanacha, trealamh cosmaidí agus cluichí blastachta agus maidir le haistriú gnéithe áirithe ó bhréagáin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bréagáin atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna sin díobh agus a leagtar amach in Airteagal 10 de Threoir 2009/48/CE agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) I gCuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE, leagtar ceanglais shonracha síos chun a áirithiú nach bhfuil aon riosca go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ann ó thaobh shláinte an duine de bharr nochtadh do na substaintí ceimiceacha nó na meascáin cheimiceacha as a ndearnadh na bréagáin nó atá sna bréagáin. Thairis sin, leagtar síos in Airteagal 10(2) an ceanglas sábháilteachta ginearálta.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)7410 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe nua a dhréachtú agus caighdeáin chomhchuibhithe atá ann cheana a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2009/48/CE.

(4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)7410, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 71-13:2021+A1:2022 'Sábháilteacht bréagán - Cuid 13: Cluichí boird boltanacha, trealamh cosmaidí agus cluichí blastachta' agus EN 71-3:2019+A1:2021 'Sábháilteacht bréagán – Cuid 3: Aistriú gnéithe áirithe', ar foilsíodh na tagairtí dóibh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 ón gCoimisiún ([4]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeáin chomhchuibhithe EN 71-13:2021+A2:2024 agus EN 71-3:2019 +A2:2024.

(5) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 7410.

(6) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 71-13:2021+A2:2024 agus EN 71-3:2019+A2:2024, comhlíonann siad na ceanglais fhíor-riachtanacha is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2009/48/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.
([2]) Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/48/oj).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)7410 final ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hiarraidh um chaighdeánú i ndáil le bréagáin chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil chun tacú le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le bréagáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 96, 5.4.2023, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/740/oj).

(7) San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE. Chun a áirithiú go liostófar in aon ghníomh amháin na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE, ba cheart na tagairtí do EN 71-13:2021+A2:2024 agus EN 71-3:2019+A2:2024 a chuimsiú i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740.

(8) Cuirtear caighdeáin chomhchuibhithe EN 71-13:2021+A2:2024 agus EN 71-3:2019+A2:2024 in ionad chaighdeáin chomhchuibhithe EN 71-13:2021+A1:2022 agus 71-3:2019+A1:2021 faoi seach. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do na caighdeáin sin a tharraingt siar as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tarraingt siar na dtagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 71-13:2021+A1:2022 agus 71-3:2019+A1:2021, is gá í a chur siar ionas go mbeidh dóthain ama ag monaróirí bréagán a dtáirgí a oiriúnú do na sonraíochtaí athbhreithnithe i gcaighdeáin EN 71-13:2021 +A2:2024 agus EN 71-3:2019+A2:2024.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 a leasú dá réir.

(10) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) den Iarscríbhinn ón 16 Meitheamh 2027.

Beidh feidhm ag pointe (2) den Iarscríbhinn ó lá foilsithe an Chinnidh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740:

(1) scriostar rónna 3 agus 9;

(2) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
‘3a.	71-3:2019+A2:2024 Sábháilteacht bréagán – Cuid 3: Aistriú gnéithe áirithe’;
‘9a.	EN 71-13:2021+A2:2024 Sábháilteacht bréagán – Cuid 13: Cluichí boird boltanacha, trealamh cosmaidí agus cluichí blastachta’.